



Fáilte curtha ag an gCoimisinéir Teanga roimh achtú Bille na dTeangacha Oifigiúla ach is é cur i bhfeidhm an Achta ina iomláine an rud is tábhachtaí anois, a deir sé.

Dúirt an Coimisinéir Teanga go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le cearta teanga toisc Acht na dTeangacha Oifigiúla nua a bheith ina dhlí anois. Ach dúirt Rónán Ó Domhnaill gurb é an rud is tábhachtaí anois ná a chinntiú go gcuirtear an tAcht nua i bhfeidhm mar ba chóir.

“Is cinnte go bhfuil dul chun cinn déanta ó thaobh cearta teanga de toisc gur achtaíodh an reachtaíocht seo. Is gá don Stát gníomhú ar bhealach praiticiúil agus réamhghníomhach anois chun feidhm a thabhairt don chuspóir soiléir gur daoine atá inniúil sa Ghaeilge a bheidh i 20% d’earcaithe nua sa tSeirbhís Poiblí agus sa Státseirbhís faoin mbliain 2030. Is léir go mbeidh go leor ag brath ar obair an Choiste Chomhairligh, atá le bunú faoin Acht, agus ar an bPlean Náisiúnta do Sholáthar Seirbhísí Stáit trí Ghaeilge, a mbeidh feidhm reachtúil aige, chun cur go suntasach le líon na gcainteoirí Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí.”

I measc na bhforálacha sa reachtaíocht nua tá:

- Cuspóir go mbeadh 20% d’earcaithe nua sa tseirbhís poiblí agus sa Státseirbhís inniúil i nGaeilge faoin mbliain 2030.
- Deimhniú go leagfar síos spriocdháta faoina mbeidh chuile sheirbhís Stáit sa Ghaeltacht ar fáil as Gaeilge.
- Feidhm bhreise faireacháin don Choimisinéir Teanga.
- Foráil chun deireadh a chur le córas na Scéimeanna Teanga agus córas caighdeán seirbhíse a bhunú.
- Foráil chun a chinntiú go bhfreagraítear cumarsáid a dhéantar le comhlacht poiblí ar na meáin shóisialta sa teanga chéanna.
- Foráil lena leagtar dualgas ar chomhlachtaí poiblí ábhar margaíochta a chuirtear faoi bhráid aicme den phobal a bheith i nGaeilge.
- Foráil lena leagtar dualgas ar chomhlachtaí poiblí 20% dá fhógraíocht a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Foráil lena leagtar dualgas go mbeidh foirmeacha iarratais i nGaeilge.
- Foráil le cinntiú gur i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh lógónna comhlachtaí poiblí.

Dúirt Rónán Ó Domhnaill go mbeidh a Oifig siúd ag cur comhairle ar an bpobal faoi na cearta breise teanga a bheidh ann de thoradh na reachtaíochta nua. Beidh a Oifig ag cur comhairle ar chomhlachtaí poiblí chomh maith maidir leis na dualgais reachtúla nua. Is in imeacht ama a thiocfaidh na forálacha i bhfeidhm ach ba cheart tosú tabhairt faoin obair sin chomh luath agus is féidir, a dúirt an Coimisinéir Teanga.

TUILLÉADH EOLAIS: Órla de Búrca, Bainisteoir Cumarsáide

Teil: [\(091\) 504 006](tel:(091)504006)

Rphost: eolas@coimisineir.ie



@ceartateanga